# Clár na dToghthóirí

## Iarratas ar vóta poist
de bharr tinnis nó míchumais

**Tá sé níos éasca ar líne!**

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.

**www.vótáil.ie**

Féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar vóta poist má tá tinneas nó míchumas ort a chuireann cosc ort dul chuig do stáisiún vótála chun vótáil ar lá na vótála.
Beidh ar liachleachtóir (cleachtóir ginearálta (GP) mar shampla) an fhoirm seo a dheimhniú.

Chun d'iarratas a phróiseáil, caithfimid roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait.
Inseoimid duit conas agus cén fáth a n-úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta ar leathanach 3.
Léigh an t-eolas seo le do thoil chun cabhrú leat an fhoirm seo a líonadh isteach.

**Comhlánaigh an fhoirm seo, le do thoil, i mBLOCLITREACHA**

## 1 Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile

Éirchód

## 2 Sínigh agus téigh chuig leathanach 2 chun d'fhoirm a dheimhniú

Deimhním nach féidir liom freastal ar mo stáisiún vótála ainmnithe go pearsanta chun vótáil ar lá na vótála mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas.

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- fíor, agus
- iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta

# Deimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe
Ní mór do lia-chleachtóir cláraithe an chuid seo a chomhlánú

## Nóta don lia-chleachtóir cláraithe

Is féidir le daoine nach féidir leo dul chuig a stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas iarratas a dhéanamh chun a n-ainm a chur le liosta na bpostvótálaithe.

Chun é sin a dhéanamh, ní mór lia-chleachtóir cláraithe (ar nós GP) a bheith acu chun a n-iarratas a dheimhniú.

Má tá a n-iarratas á dheimhniú agat, ní mór duit:

- a bheith cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis,
- deimhniú nach bhfuil an t-iarratasóir in ann dul chun vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas, agus
- a chur in iúl tréimhse dhóchúil an tinnis nó an mhíchumais ó dháta an deimhnithe.

## Sonraí an lia-chleachtóra chláraithe

Ainm ____________________

Seoladh an chleachtais ____________________
____________________
____________________
Éirchód ___ ____

Uimhir fóin ____________________

Seoladh ríomhphoist ____________________

Uimh. Chomhairle na nDochtúirí Leighis ____________________

Deimhním, ____________________, go bhfuil breoiteacht nó míchumas ar ____________________, an t-iarratasóir dá dtagraítear san iarratas seo, a fhágann nach féidir leo vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála ainmnithe an lá vótaíochta.

Is dócha go mairfidh an tinneas nó an míchumas seo ar feadh tréimhse ________ (cuir isteach tréimhse nó tréimhse dóchúil).

Síniú an lia-chleachtóra chláraithe ____________________

Dáta L L M M B B B B

# Eolas agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

## An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí. Is féidir leat seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag **www.vótáil.ie**.

Is féidir leat úsáid a bhaint freisin as **www.vótáil.ie** chun:

- clárú chun vóta a chaitheamh;
- do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Mura féidir leat dul chuig do stáisiún vótála ar lá na vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar do bhreoiteacht nó do mhíchumas, is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar vóta poist.

## D'fhoirm a dheimhniú

Chun d'iarratas ar vóta poist mar gheall ar do bhreoiteacht nó do mhíchumas a chomhlánú, beidh ort d'fhoirm a dheimhniú ó liachleachtóir cláraithe, mar shampla liachleachtóir ginearálta (GP). ní mór don liachleachtóir ginearálta (GP) an méid seo a leanas a dheimhniú:

- mar gheall ar do bhreoiteacht nó do mhíchumas, nach féidir leat freastal ar do stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh ar lá na vótála;
- tréimhse dhóchúil do bhreoiteachta nó do mhíchumais. .

Beidh fad do rochtana ar vóta poist deimhnithe ag an liachleachtóir ar leathanach 2 den fhoirm seo. Is féidir le d'údarás áitiúil teagmháil a dhéanamh leat ó am go ham chun an fhaisnéis seo a dheimhniú.

Níor chóir do liachleachtóir sonraí do bhreoiteachta nó do mhíchumais ar an bhfoirm seo a nochtadh.

## Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh,
- go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- nach bhfuil aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

## An dáta is déanaí chun Iarratas a fháil

Is féidir leat an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Sa chás gur glaodh toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

| Imeacht toghcháin | An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil |
|---|---|
| **Toghchán don Dáil** | Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála |
| **Fothoghchán Dála** | Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála |
| **Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann** | 22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) |

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

## Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm mar aon le haon fhaisnéis eile a theastaíonn chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí.

## Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Más gá duit seoladh d'údaráis áitiúil a chuardach, is féidir leat é a fháil ar líne nó ceist a chur ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.